An Rialálaí Carthanas

Charities Regulator

Treoir maidir le carthanas a fhoirceannadh

Arna hAthbhreithniú i mí Feabhra **2021**

Tá na Treoirlínte seo á n-eisiúint
ag an Rialálaí Carthanas
de bhun alt 14(1)
den Acht Carthanas 2009 ar
mhaithe le feabhas ar riaradh
agus bainistiú eagraíochtaí
carthanúla (carthanais) a
spreagadh agus a éascú.

Clár Ábhar

1.	Réamhrá	5
2.	Ceanglais ghinearálta le haghaidh carthanas a fhoirceannadh	7
3.	Ceanglais bhreise le haghaidh carthanas corpraithe (cuideachta theoranta) a fhoirceannadh	8
4.	Ceanglais bhreise le haghaidh carthanas neamhchorpraithe a fhoirceannadh	12
5.	Ceanglais bhreise le haghaidh iontaobhas carthanúil a fhoirceannadh	13
6.	Corprú: tiontú ina chuideachta	14
7.	Cumasc idir carthanais	15

SÉANADH DLÍTHIÚIL

Is é treoir atá de chineál ginearálta amháin a leagtar amach sa doiciméad seo. Ba cheart d'aon charthanas nó d'aon iontaobhaí carthanais comhairle chuí a fháil sula ndéanfaidh sé aon ghníomh a bhféadfadh iarmhairtí suntasacha dlí, iarmhairtí suntasacha cánach agus/nó iarmhairtí suntasacha eile a bheith aige.

1. Réamhrá

Tugtar sa treoir seo faisnéis faoi conas a fhéadfar eagraíocht charthanúil ("carthanas") [atá cláraithe leis an Údarás Rialála Carthanas (an "Rialálaí Carthanas")] a fhoirceannadh.

Áirítear leis sin cásanna ina bhfoirceanntar carthanas toisc go bhfuil sé á dhúnadh agus cásanna ina bhfuil carthanas á fhoirceannadh ionas gur féidir leis leanúint lena chuid gníomhaíochtaí i bhfoirm dhlíthiúil dhifriúil nó mar chuid de charthanas níos mó.
Is féidir go bhfoirceannfar carthanas ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear i gcás:

• gur bhain an carthanas an cuspóir carthanúil sonrach ar lena aghaidh a cruthaíodh é amach nó gur chuir sé an cuspóir sin i gcrích;
• gur mian leis an gcarthanas cumasc le carthanas eile a bhfuil cuspóirí comhchosúla aige (e.g. chun dúbláil riaracháin a sheachaint ar mhaithe le héifeachtúlacht a mhéadú);
• go bhfuil an carthanas dócmhainneach nó nach bhfuil sé d'acmhainn ag an gcarthanas leanúint lena chuid gníomhaíochtaí;
• gur mian leis an gcarthanas a fhoirm dhlíthiúil a athrú, mar shampla chun tiontú ó chomhlacht neamhchorpraithe ina chomhlacht corpraithe ionas gur féidir leis leas a bhaint as dliteanas teoranta.

I ngach ceann de na cora sin, fiú amháin i gcás go bhfuil sé beartaithe leanúint leis an ngníomhaíocht charthanúil chéanna, ní mór an carthanas bunaidh a fhoirceannadh ionas go scoirfidh an carthanas bunaidh de bheith ann ó thaobh an dlí de. Cinnteoidh sé sin go leanfar nós imeachta foirmiúil chun deimhin a dhéanamh de go ndéileálfar go hiomlán agus go críochnaitheach leis an maoin ar fad a bhí ag an gcarthanas bunaidh, leis na freagrachtaí uile a bhí air agus le haon nithe gan réiteach a bhaineann leis. Seachnóidh sé sin an baol go dtiocfadh fadhbanna chun cinn amach anseo, go háirithe d'iar-iontaobhaithe nó d'iarchomhaltaí boird.
Is ag brath ar an gcás atá na nithe ar leith is gá a bhreithniú le linn carthanas a fhoirceannadh. Áireofar na nithe seo a leanas leo go minic, áfach:

- idirchaidreamh a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Rialálaí Carthanas chun a chinntiú go dtaifeadfar an scor den ghníomhaíocht agus go mbainfear an carthanas de liosta carthanas na gCoimisinéirí Ioncaim agus den Chlár Carthanas ("an Clár"). Tá sé tábhachtach freisin a chinntiú nach mbeidh aon tuairisceáin chánach amuigh agus nach spreagfaidh foirceannadh nó leachtú an charthanais aisghlámadh aon fhaoisimh chánach a éilíodh roimhe.
- conas diúscairt a dhéanamh ar aon sócmhainní atá fágtha, ar aon chistí atá fágtha nó ar aon mhuirir chláraithe atá fágtha in aghaidh an charthanais nó in aghaidh shócmhainní an charthanais;
- a chinntiú gur íocadh gach fiach agus dliteanas iarbhír agus teagmhasach de chuid an charthanais agus gur comhlíonadh gach ceangaltas eile a bhí air nó go bhfuil socruithe i bhfeidhm le haghaidh iad a chomhlíonadh nó iad a aistriú chuig carthanas comharbais;
- athbhreithniú a dhéanamh ar aon chonarthaí nó aon socruithe fadtéarmacha eile ina bhfuil an carthanas ina pháirtí (e.g. léasanna, cumhdach árachais). Is nithe iad sin is gá a thabhairt chun deiridh sula bhfoirceannfar an carthanas;
- cuntais bhainc an charthanais a dhúnadh;
- an post atá ag aon fhostaithe de chuid an charthanais;
- an plean a chur in iúl do shíntiúsóirí (go háirithe iad sin a thugann síntiúis thréimhsiúla trí dhochar díreach, trí bhuanordú, trí ghníomhas cúnaint, etc.);
- an plean a chur in iúl d'oibrithe deonacha, do thacadóirí agus do leas-sealbhóirí eile;
- aon údarás nó aon cheadú atá riachtanach chun an carthanas a fhoirceannadh a fháil ó chomhaltaí nó ó dhaoine eile;
- cuntais deiridh an charthanais a ullmhú agus taifid eile chuideachta a thabhairt cothrom le dáta;
- a dheimhniú nach bhfuil aon dlíthíocht reatha ná aon dlíthíocht bhagartha ann in aghaidh an charthanais.

Is beart suntasach é foirceannadh agus ba cheart do charthanas comhairle chuí a fháil i gcás go bhfuil foirceannadh á bhreithniú aige.

Tá an nós imeachta a leanfar le haghaidh carthanas a fhoirceannadh ag brath ar fhoirm dhlíthiúil an charthanais. Is iad seo a leanas na príomhfhoirmeacha carthanais chláraithe:

- carthanas corpraithe (i.e. cuideachta theoranta, ar Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta í i bhformhór na gcásanna: níl aon scairchaipiteal ag an gcineál cuideachta seo, a fhágann nach bhfuil ag comhaltaí na cuideachta aon leas eacnamaíoch sa chuideachta sa dóigh chéanna a mbíonn ag scairshealbhóirí cuideachta trádála de ghnáth);
- comhlachas neamhchorpraithe;
- iontaobhas carthanúil

Sa treoir seo:

- leagtar amach ar dtús na ceanglais ghinearálta le haghaidh carthanas a fhoirceannadh, is cuma cén fhoirm dhlíthiúil atá i gceist;
- pléitear leis na ceanglais bhreise a bhfuil feidhm shonrach acu maidir le gach foirm carthanais a fhoirceannadh, i.e. cuideachta theoranta, comhlachas neamhchorpraithe nó iontaobhas carthanúil;
- agus tugtar treoir ghinearálta maidir leis na nósanna imeachta a leanfar le haghaidh carthanas a thiontú ó fhoirm dhlíthiúil amháin ina fhoirm dhlíthiúil eile agus le haghaidh carthanais a chumasc.

Aon charthanas atá ag déanamh breithniú ar aon athrú a bhfuil foirceannadh i gceist leis, ba cheart dó bheith ar an

eolas go mbeidh an nós imeachta sonrach a leanfar ag brath freisin ar dhoiciméid bhunreachtúla agus rialacha inmheánacha an charthanais féin nó, i gcás cuideachtaí, ar Acht na gCuideachtaí, 2014 (de réir mar is infheidhme). I bhformhór na gcásanna, sonrófar sna doiciméid bhunreachtúla na nósanna imeachta a leanfar i gcás foirceannadh. Is iad seo a leanas na cineálacha doiciméad a bheidh i gceist de ghnáth:

- i gcás cuideachta theoranta, bunreacht nó meabhrán agus airteagail chomhlachais na cuideachta;
- i gcás comhlachas neamhchorpraithe, doiciméad rialaithe, ar dóigh go dtabharfar bunreacht, comhaontú comhaltaí, leabhar rialacha nó a leithéid air;
- i gcás iontaobhas carthanúil, an gníomhas iontaobhais nó an dearbhú iontaobhais.

Aon charthanas atá ag déanamh breithniú ar aon athrú a bhfuil foirceannadh i gceist leis, ba cheart dó a dhoiciméid bhunreachtúla a scrúdú ar dtús chun cumhachtaí ábhartha na n-iontaobhaithe agus aon fhorálacha ábhartha eile a bhaineann le foirceannadh a shainaithint.

2. Ceanglais ghinearálta le haghaidh carthanas a fhoirceannadh

Tá feidhm ag na ceanglais sa rannán seo maidir le carthanas a fhoirceannadh (lena n-áirítear i gcás carthanais a thiontú nó a chumasc), is cuma cén fhoirm dhlíthiúil atá i gceist:

- Ós rud é go bhféadfadh ceisteanna tábhachtacha teacht aníos don Rialálaí Carthanas le linn carthanas a fhoirceannadh, ní mór don charthanas, sula dtosóidh sé an foirceannadh, fógra a thabhairt i ngach cás don Rialálaí Carthanas go bhfuil sé beartaithe aige foirceannadh (mar a cheanglaítear le halt 39 den Acht Carthanas 2009 ("an tAcht")) tríd an bhfoirm ar líne dar teideal 'Carthanas Cláraithe a Fhoirceannadh agus a Dhíchlárú' ón Rialálaí a chomhlánú. Ní mór don charthanas aon fhaisnéis a theastaíonn ón Rialálaí Carthanas a thabhairt dó (ar a laghad, iarrfaidh an Rialálaí Carthanas ar an gcarthanas cóipeanna dá chuntais iniúchta a thabhairt agus plean soiléir a leagan amach maidir leis an dóigh a ndéileálfaidh an carthanas le haon bharrachas nó le haon sócmhainní nó aon chistí atá fágtha, lena n-áireofar sonraí faoi aon charthanas ar faighteoir beartaithe é, agus iarrfaidh an Rialálaí Carthanas ar an gcarthanas ar faighteoir ainmnithe den sórt sin é deimhniú a thabhairt go bhfuarthas aon sócmhainní nó aon chistí);
- De bhun alt 92 den Acht, ní fhéadfar aon bharrachas i sócmhainní nó cistí an charthanais a íoc le comhaltaí an charthanais gan toiliú roimh ré a fháil ón Rialálaí Carthanas, fiú amháin i gcás go gceadaítear íocaíocht den sórt sin i ndoiciméid bhunreachtúla nó rialacha inmheánacha an charthanais féin;
- De bhun alt 47(8) den Acht, ní mór d'iontaobhaithe an charthanais (nó, nuair is iomchuí, don leachtaitheoir) ráitis airgeadais an charthanais bhunaidh a choimeád ar feadh sé bliana ar a laghad tar éis an foirceannadh a chríochnú, ach amháin i gcás go dtoilíonn an Rialálaí Carthanas leis na taifid a bheith á scriosadh nó á ndiúscairt ar bhealach eile;
- I gcás go bhfuil an carthanas i dteideal díolúine charthanúil faoi ailt 207 nó 208 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, i.e. i gcás go bhfuil uimhir charthanais bhailí aige, beidh ar an gcarthanas a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé ceanglais na gCoimisinéirí Ioncaim ina leith, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim faoin teideal 'Carthanais agus comhlachtaí spóirt'.

Tá freagracht ar iontaobhaithe carthanais as gnóthaí an charthanais agus ní mór dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh go dícheallach. Ceanglaítear ar stiúrthóirí carthanas ar eintitis chorpraithe iad dualgais mhuiníneacha agus dualgais reachtúla araon a chomhlíonadh. Áirítear leis na dualgais sin foirceannadh ordúil an charthanais a phleanáil, agus ní mór d'iontaobhaithe carthanais aird chuí a thabhairt ar thairbhithe, baill foirne agus leas-sealbhóirí eile an charthanais (lena n-áirítear creidiúnaithe, nuair is infheidhme) agus ar dhiúscairt chuí shócmhainní an charthanais. Ba cheart comhairle ghairmiúil a lorg, más gá, go háirithe i gcás go bhfuil an carthanas i gcruachás airgeadais agus gur dóigh go n-éireoidh sé dócmhainneach. Tá iontaobhaithe carthanais freagrach as cinntí fad atá siad ina n-iontaobhaí carthanais agus ní scoirfidh an fhreagracht sin de bheith ann tráth fhoirceannadh an charthanais.

3. Ceanglais bhreise le haghaidh carthanas corpraithe (cuideachta theoranta) a fhoirceannadh

Eintiteas dlíthiúil ar leith atá neamhspleách ar a comhaltaí is ea cuideachta. Mar sin, ní mór aon charthanas a oibríonn i bhfoirm cuideachta a fhoirceannadh de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Agus é ag déanamh breithniú ar fhoirceannadh, ní mór d'aon charthanas ar cuideachta theoranta é aird a thabhairt i ngach cás ar aon fhorálacha maidir le foirceannadh atá leagtha síos ina bhunreacht. Agus é ag déanamh breithniú ar aon mhórathrú, ba cheart don charthanas a chinntiú go gcoinneofar an Rialálaí Carthanas ar an eolas faoina phleananna agus faoin dul chun cinn ar na pleananna sin. Tá sé tábhachtach freisin a chinntiú go mbeidh rochtain ag an gcarthanas ar chomhairle ghairmiúil chuí maidir le conas ba cheart dó dul ar aghaidh. Mura bhfuil sé d'acmhainn ag an gcarthanas a chomhairleoir dlí féin a fháil, d'fhéadfaí comhairle dlí saor in aisce nó ar ísealchostas a fhoinsiú trí eagraíochtaí neamhrialtasacha éagsúla agus trí scéimeanna éagsúla.

Is iad na príomhbhealaí ina bhféadfar cuideachta theoranta a fhoirceannadh ná baint thoilteanach den chlár, baint neamhthoilteanach den chlár agus leachtú.

3.1 Baint thoilteanach den chlár

Féadfaidh cuideachta iarratas a dhéanamh ar bhaint thoilteanach den chlár i gcás nach mó ná €150 a cuid sócmhainní. I bhformhór na gcásanna, sonrófar i mbunreacht aon charthanais ar cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é nár cheart aon bharrachas tráth an fhoirceanta a aistriú chuig na comhaltaí agus, ina ionad sin, gur cheart é a aistriú chuig carthanas cláraithe eile a bhfuil cuspóir comhchosúil aige agus a bhfuil srian aige freisin ar dháiltí a dhéanamh chuig a chomhaltaí. Mura bhfuil foráil den sórt sin ann sa bhunreacht, ní mór don chuideachta iarratas cy-près a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas chun iarraidh air scéim a bhunú le haghaidh na sócmhainní barrachais a úsáid le haghaidh cuspóir carthanúil atá chomh cosúil agus is féidir le cuspóir carthanúil an iarratasóra. I gcásanna den sórt sin, ní mór an t-iarratas cy-près a dhéanamh roimh an rún speisialta chun iarratas a dhéanamh ar bhaint thoilteanach den chlár ionas gur féidir leis an gcarthanas na coinníollacha chun cáiliú do bhaint thoilteanach den chlár a chomhlíonadh.

Uaireanta, bíonn an cur chuige sin ar an gceann is oiriúnaí do charthanais chorpraithe bheaga nach mbíonn an-ghníomhach. I gcás gur scoir carthanas corpraithe dá chuid gníomhaíochtaí, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí go mbainfí an chuideachta go toilteanach den chlár. Féadfar carthanas a bhaint go toilteanach den chlár i gcás go sásófar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- scoir an chuideachta dá cuid gníomhaíochtaí;
- ní mó ná €150 sócmhainní na cuideachta (ba cheart don chuideachta a cuid sócmhainní a dhiúscairt chun an ceanglas seo a shásamh, mar shampla trí na sócmhainní a bhronnadh ar charthanas a bhfuil cuspóirí carthanúla comhchosúla aige);
- ní mó ná €150 dliteanais na cuideachta;
- tá gach ceann de na tuairisceáin bhliantúla ón gcuideachta cothrom le dáta agus tá aon táillí comhdaithe dhéanaigh íoctha;
- níl an chuideachta ina páirtí in aon dlíthíocht atá ar siúl nó atá ar feitheamh.

I gcás go sásófar na coinníollacha sin, is féidir go mbeidh baint thoilteanach den chlár ar an mbealach is saoire chun carthanas corpraithe a fhoirceannadh.
Tar éis duit comhairle a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cur chuige sin oiriúnach do do charthanas, agus sula rachaidh tú ar aghaidh, ba cheart duit plean a bhunú ar dtús chun déileáil leis na saincheisteanna atá sainaitheanta thuas agus fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas ansin go bhfuil sé beartaithe agat an carthanas a fhoirceannadh ach úsáid a bhaint as an nós imeachta le haghaidh baint thoilteanach den chlár.

Is é seo a leanas an nós imeachta a leanfar le haghaidh baint thoilteanach den chlár:

- ní mór don chuideachta rún speisialta (Foirm G1-H15 ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí) a rith, rud ina leagfar amach an rún chun iarratas a dhéanamh go mbainfí an chuideachta den chlár ar an bhforas gur scoir sí dá cuid gníomhaíochtaí. Ní mór don chuideachta an rún a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí laistigh de thrí mhí roimh an iarratas ar bhaint den chlár;
- ní mór don chuideachta 'litir gan agóid' a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- laistigh de 30 lá roimh an iarratas ar bhaint den chlár, ní mór fógra a chur i nuachtán laethúil náisiúnta amháin ina bhfógrófar an t-iarratas go mbainfí an chuideachta den chlár.

Is é seo foirm an fhógra:
"Maidir le [ainm na cuideachta] agus maidir le hAcht na gCuideachtaí, 2014, chinn [ainm na cuideachta] (an "chuideachta"), tar éis di scor de ghnó a sheoladh, a bhfuil a hoifig chláraithe lonnaithe ag [seoladh], a bhfuil a príomháit ghnó lonnaithe ag [seoladh], nach bhfuil aon sócmhainní ar mó iad ná €150 aici agus nach bhfuil aon dliteanais ar mó iad ná €150 uirthi, fógra a thabhairt do Chláraitheoir na gCuideachtaí nach bhfuil gnó á sheoladh ag an gcuideachta agus iarraidh ar an gCláraitheoir ar an mbonn sin leas a bhaint as na cumhachtaí atá aige/aici de bhun alt 733 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ainm na cuideachta a bhaint den chlár.

Le hOrdú ón mBord
[ainm an stiúrthóra]

Stiúrthóir”

Sula bhfoilseoidh sí an Fógra, ba cheart don chuideachta téacs an fhógra a sheiceáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí chun a chinntiú go n-úsáidfear an téacs is cothroime le dáta ann.

Ina theannta sin, ceanglaíonn an Rialálaí Carthanas ar charthanas corpraithe a bhfuil baint thoilteanach den chlár á hiarraidh aige cóip den rún speisialta a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas laistigh de 30 lá ó rith an rúin.

I gcás gur chuir cuideachta na bearta atá leagtha amach thuas i gcrích, féadfaidh sí iarratas ar bhaint thoilteanach den chlár a dhéanamh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Ní mór do gach stiúrthóir de chuid na cuideachta an t-iarratas ar bhaint thoilteanach den chlár (Foirm H15 ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí) a chomhlánú agus ní mór é a chur faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Beidh litir ó na Coimisinéirí Ioncaim agus cóip den fhógra ag gabháil leis an iarratas chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Más rud é gur deimhin leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí gur comhlíonadh na coinníollacha agus gur leanadh an nós imeachta cuí, tabharfaidh sí fógra poiblí faoin iarratas in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Más rud é nach bhfaighfear aon agóid, díscaoilfear an chuideachta 90 lá tar éis an fhógra sin, tráth a scoirfidh an chuideachta de bheith ann.

Tá liosta iomlán de na coinníollacha le haghaidh baint thoilteanach den chlár, de na nósanna imeachta atá le leanúint agus de na foirmeacha is gá don chuideachta a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí leagtha amach i ‘mBileog Faisnéise Uimhir 28 ó Chláraitheoir na gCuideachtaí’, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí ag www.cro.ie/Publications/Publications/Information-Leaflets

3.2 Nóta maidir le baint neamhthoilteanach den chlár

Féadfaidh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí cuideachta a bhaint den chlár freisin i gcás gur theip ar an gcuideachta a hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh (e.g. theip uirthi tuairisceáin bhliantúla a chomhdú), is cuma cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an gcuideachta féin leanúint lena cuid gníomhaíochtaí. Samplaí de na hiarmhairtí a bheidh ag baint neamhthoilteanach den chlár is ea go scoirfidh an chuideachta de bheith ann ón dáta a fhoilsítear an fógra faoin mbaint den chlár in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. A luaithe a scoirfidh an chuideachta de bheith ann, tiocfaidh na sócmhainní atá fágtha aici faoi úinéireacht fhoirmiúil an Stáit. Bheadh iontaobhaithe carthanais ag gníomhú ar neamhréir lena gcuid dualgas dá ligfeadh siad do shócmhainní carthanais teacht faoi úinéireacht an Stáit ar an mbealach sin. Ina theannta sin, tá stiúrthóirí cuideachta ar baineadh den chlár í gan na tuairisceáin bhliantúla riachtanacha a bheith comhdaithe aici i mbaol go ndéanfaí iarratas ar iad a dhícháiliú mar stiúrthóirí agus is féidir go mbeidh siad faoi dhliteanas pearsanta i leith fiach arna dtabhú tar éis bhaint na cuideachta den chlár i gcás go leanfaidh an chuideachta de bheith ag oibriú.
Féadfar cuideachta a chur ar ais ar an gclár tar éis baint neamhthoilteanach den chlár laistigh de 12 mhí trí iarratas a dhéanamh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí nó trí iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin chuig an Ard-Chúirt. Mar sin féin, is féidir go mbeidh costas suntasach i gceist le haon iarratas den sórt sin, ar costas inseachanta é. Ar na cúiseanna sin, ba cheart do charthanais chorpraithe gach beart atá riachtanach a dhéanamh chun an baol go mbainfí iad go neamhthoilteanach den chlár a sheachaint.

3.3 Leachtú

Is é atá i gceist le leachtú ná leachtaitheoir a cheapadh a bheidh freagrach as foirceannadh cuideachta a bhainistiú. I bhformhór na gcásanna, is ionann an leachtaitheoir agus cuntasóir gairmiúil a bhfuil cur amach aige ar an bpróiseas foirceanta. Ceann de na tairbhí atá ag baint le leachtú, mar sin, is ea gur féidir leis na comhaltaí bheith ag brath ar an leachtaitheoir gairmiúil agus ról níos lú a imirt san fhoirceannadh. Ní mór don charthanas íoc as táillí an leachtaitheora, áfach. Ós rud é go laghdóidh sé sin an méid sócmhainní carthanúla a bheidh fágtha, tá sé tábhachtach go mbeifí soiléir faoi na táillí ar dóigh dóibh teacht chun cinn.
Féadfar cuideachta a leachtú go toilteanach ar dhá bhealach: Féadfar Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí a dhéanamh i gcás go bhfuil an chuideachta sócmhainneach (i.e. is mó a cuid sócmhainní ná a cuid dliteanas). I gcás go bhfuil cuideachta dócmhainneach (i.e. níl sí in ann a fiacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite), is é Leachtú Toilteanach ag Creidiúnaithe an nós imeachta atá cuí.

Mar atá tugtha faoi deara thuas, ba cheart a shonrú i mbunreacht aon charthanais ar cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é nár cheart aon bharrachas tráth an fhoirceanta a aistriú chuig na comhaltaí agus, ina ionad sin, gur cheart é a aistriú chuig carthanas cláraithe eile a bhfuil cuspóir comhchosúil aige. Ba cheart srian a chur ann freisin ar dháiltí a dhéanamh chuig a chomhaltaí. Mura bhfuil foráil den sórt sin ann sa bhunreacht, ní mór don chuideachta iarratas cy-près a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas chun iarraidh air scéim a bhunú le haghaidh na sócmhainní barrachais a úsáid le haghaidh cuspóir carthanúil atá chomh cosúil agus is féidir le cuspóir carthanúil an iarratasóra. Dá bhrí sin, sula rachaidh sé ar aghaidh le Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí, moltar do charthanas sócmhainneach ar cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é méid dóthanach airgid a chur i leataobh chun costais an leachtaithe a chumhdach agus plean a chur le chéile le haghaidh an barrachas atá fágtha ag an gcuideachta a dháileadh de réir a cuspóirí luaite nó le haghaidh iarratas cy-près a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas.

I gcás go n-oibríonn carthanas trí níos mó ná cuideachta amháin nó go sealbhaíonn carthanas maoin trí níos mó ná cuideachta amháin (mar shampla, i gcás gur bunaíodh cuideachta shealbhaíochta maoine chun an leas dlíthiúil a choimeád i maoin charthanúil áirithe agus go bhfuil an leas tairbhiúil á shealbhú ag carthanas ar cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é), tá sé an-tábhachtach breithniú iomlán a dhéanamh ar na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ag leachtú ceann amháin de na cuideachtaí do na

comhlachtaí eile lena mbaineann. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná an baol go n-aistreofaí leasanna i sócmhainní carthanúla ar bhealach nach gceadaítear leis an dlí nó an baol go dtiocfadh dliteanas cánach chun cinn. Sna cásanna is casta, ba cheart do charthanas comhairle ghairmiúil a fháil agus fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas sula rachaidh sé ar aghaidh le haon phlean a chur chun feidhme.

Agus é ag déanamh breithniú ar aon socrú den chineál sin, ba cheart don charthanas a chinntiú go gcoinneofar an Rialálaí Carthanas ar an eolas faoina phleananna agus faoin dul chun cinn ar na pleananna sin. Tá sé tábhachtach freisin a chinntiú go mbeidh rochtain ag an gcarthanas ar chomhairle ghairmiúil chuí maidir le conas ba cheart dó dul ar aghaidh, rud a chabhróidh leis muirir nó costais neamhriachtanacha a sheachaint. Mura bhfuil sé d'acmhainn ag an gcarthanas a chomhairleoir dlí féin a fháil, d'fhéadfaí comhairle dlí saor in aisce nó ar ísealchostas a fhoinsiú trí eagraíochtaí neamhrialtasacha éagsúla agus trí scéimeanna éagsúla.

3.3.1 Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí

Amhail i gcás bealaí eile chun carthanas sócmhainneach a fhoirceannadh, ba cheart don charthanas fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas faoin bhfoirceannadh agus plean soiléir a leagan amach le haghaidh aon bharrachas ina chuid sócmhainní a aistriú sula dtosófar an foirceannadh.

Is é seo a leanas an nós imeachta a leanfar le haghaidh cuideachta a chur faoi Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí:

- ní mór d'fhormhór stiúrthóirí na cuideachta dearbhú a thabhairt ina n-achoimreofar sócmhainní agus dliteanais na cuideachta agus ina luafar go mbeidh an chuideachta in ann a fiacha uile a íoc ina n-iomláine laistigh de 12 mhí ó thosú an leachtaithe;
- ní mór an dearbhú a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí laistigh de 21 lá ó rith an rúin chun foirceannadh faoin Nós Imeachta um Cheadú Achomair atá i gCuid 4 d'Acht na gCuideachtaí, 2014;
- ní mór cóip den dearbhú agus fógra faoi chruinniú na gcomhaltaí a sheoladh chuig comhaltaí na cuideachta;
- ceanglaíonn an Rialálaí Carthanas ar charthanas corpraithe a bhfuil sé beartaithe aige dul faoi Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí cóip den fhógra faoi chruinniú na gcomhaltaí agus cóip den dearbhú ó na stiúrthóirí a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas nuair a sheoltar iad chuig na comhaltaí. Má tá sé i gceist go mbeartóidh na comhaltaí an chuideachta a fhoirceannadh trí rún scríofa ó na comhaltaí, ní mór don charthanas corpraithe cóip den dearbhú ó na stiúrthóirí a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas laistigh de 7 lá gnó ón dearbhú a dhéanamh.
- ní mór cruinniú na gcomhaltaí a thionól agus ní mór an rún scríofa ó na comhaltaí a shíniú laistigh de 30 lá ón dearbhú ó na stiúrthóirí;
- ní mór do 75% de na comhaltaí rún a rith lena gceadaítear an Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí agus lena gceaptar leachtaitheoir;
- ní mór an rún lena gceadaítear an Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí agus lena gceaptar leachtaitheoir agus an 'Fógra faoi cheapadh Leachtaitheora (Foirm E2)' ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí;
- seolfaidh an leachtaitheoir foirceannadh foirmiúil ghnóthaí na cuideachta;
- trí mhí tar éis don leachtaitheoir na doiciméid deiridh a chlárú, measfar an chuideachta a bheith díscaoilte agus scoirfidh sí de bheith ann ansin.

Tá liosta iomlán de na foirmeacha atá le comhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí i leith Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí leagtha amach i mBileog Faisnéise Uimhir 38 ó Chláraitheoir na gCuideachtaí, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí ag www.cro.ie/Publications/Publications/Information-Leaflets

3.3.2 Leachtú Toilteanach ag Creidiúnaithe

Tá Leachtú Toilteanach ag Creidiúnaithe cuí le haghaidh carthanas corpraithe a fhoirceannadh i gcás go bhfuil an carthanas dócmhainneach. Ós rud é go mbeidh dliteanais na cuideachta níos mó ná a cuid sócmhainní, ní dóigh go mbeidh sócmhainní ar fáil lena ndáileadh nó lena mbronnadh ar charthanas eile. Ba cheart don charthanas fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas a luaithe atá sé soiléir go bhfuil an carthanas dócmhainneach nó i mbaol suntasach go n-éireodh sé dócmhainneach. Ba cheart do charthanais dhócmhainneacha a bheith eolach freisin go mbeidh cistí ag teastáil chun táillí an leachtaitheora a íoc. I gcás go gceapfar leachtaitheoir, is é an leachtaitheoir, seachas na stiúrthóirí, a dhéanfaidh na cinntí uile maidir le bainistiú na cuideachta agus maidir le rialú a cuid sócmhainní.

Ba cheart do stiúrthóirí comhairle ghairmiúil a fháil in imthosca ina bhfuil an chuideachta dócmhainneach nó ina bhfuil sí ag druidim isteach le dócmhainneacht. Má chinneann na stiúrthóirí leanúint le hoibríochtaí sna himthosca sin, beidh orthu an cinneadh sin a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach agus ní mór dóibh gníomhú le barr leasa na cuideachta amháin (agus ní le barr leasa a comhaltaí). Ba cheart do na stiúrthóirí a chinntiú nach ndéanfar aon íocaíochtaí a rachadh chun tairbhe do chuideachtaí nó páirtithe dlúthnasctha agus a rachadh chun dochair do na creidiúnaithe ginearálta agus neamhspleácha. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh na stiúrthóirí breithniú cúramach ar stádas airgeadais na cuideachta ar bhonn leanúnach rialta. Is é an phríomhthoisc atá le breithniú ag stiúrthóirí sa chor sin ná a chinntiú nach ndéanfaidh siad staid an mhórghrúpa creidiúnaithe níos measa trí gan an chuideachta a leachtú.

Is é seo a leanas an nós imeachta a leanfar le haghaidh cuideachta a chur faoi Leachtú Toilteanach ag Creidiúnaithe:

- ní mór do na stiúrthóirí cruinniú a thionól chun a chomhaontú gur cheart an chuideachta a chur faoi leachtú agus ba cheart fógra a thabhairt do gach comhalta agus do gach creidiúnaí faoin gcruinniú sin;
- ní mór do na stiúrthóirí cruinniú na gcreidiúnaithe agus cruinniú na gcomhaltaí a thionól ansin chun breithniú a dhéanamh ar an togra le haghaidh an chuideachta a chur faoi leachtú. Is féidir go mbeidh foráil ann i mbunreacht aon chuideachta, áfach, go bhféadfaidh na

comhaltaí a bheartú an chuideachta a fhoirceannadh trí rún scríofa ó na comhaltaí; sa chás sin, is féidir nach mbeidh aon ghá ann le cruinniú comhaltaí a thionól chun an chuideachta a fhoirceannadh. Ceanglaíonn an Rialálaí Carthanas ar charthanas corpraithe a bhfuil an gníomh sin á dhéanamh aige (i) cóip den fhógra faoi chruinniú na gcreidiúnaithe agus (ii) cóip den fhógra faoi chruinniú na gcomhaltaí nó den rún scríofa ó na comhaltaí, de réir mar is infheidhme, a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas nuair a sheoltar nó a shínítear iad;

- ní mór fógra 10 lá ar a laghad a thabhairt do na creidiúnaithe faoina gcruinniú agus ní mór cruinniú na gcreidiúnaithe a bheith ar siúl ar an lá céanna atá cruinniú na gcomhaltaí ar siúl nó laistigh de lá amháin ó chruinniú na gcomhaltaí/ón rún scríofa ó na comhaltaí a chur i ngníomh;
- ní mór fógra faoi chruinniú na gcreidiúnaithe a fhógairt 10 lá ar a laghad roimh an gcruinniú agus déanamh amhlaidh in dhá nuachtán laethúla atá á scaipeadh i ndúiche oifig chláraithe na cuideachta;

Is é seo foirm an fhógra:
"Maidir le [ainm na cuideachta] agus maidir le hAcht na gCuideachtaí, 2014

TUGTAR FÓGRA LEIS SEO, de bhun alt 587 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, go dtionólfar cruinniú chreidiúnaithe na cuideachta thuasluaite ag [am] ar an [dáta] ag [ionad tionóil] chun na gcríoch atá luaite in ailt 588 agus 667 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Le hOrdú ón mBord
[ainm an stiúrthóra]
Stiúrthóir"
Sula bhfoilseoidh sí an Fógra, ba cheart don chuideachta téacs an fhógra a sheiceáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí chun a chinntiú go n-úsáidfear an téacs is cothroime le dáta ann.

- ní mór Ráiteas Gnóthaí a chur i láthair na gcreidiúnaithe ag an gcruinniú, rud ina sonrófar gach sócmhainn agus dliteanas de chuid na cuideachta;
- ag cruinniú na gcreidiúnaithe, féadfaidh na creidiúnaithe a chinneadh leachtaitheoir nach ionann é agus an duine a mhol an chuideachta a cheapadh. Féadfaidh siad a chinneadh freisin Coiste Cigireachta, a bheidh comhdhéanta de chomhaltaí agus de chreidiúnaithe, a cheapadh chun cabhrú leis an leachtaitheoir agus chun seoladh an leachtaithe a mhaoirsiú;
- ní mór an rún ó na comhaltaí chun an chuideachta a fhoirceannadh agus chun an leachtaitheoir a cheapadh a fhoilsiú in Iris Oifigiúil laistigh de 14 lá ó rith an rúin: https://www.irisoifigiuil.ie/

Is é seo foirm an fhógra sin:
"Maidir le [ainm na cuideachta] (faoi Leachtú Toilteanach ag Creidiúnaithe) agus maidir le hAcht na gCuideachtaí, 2014

TUGTAR fógra leis seo de bhun alt 586 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, gur ritheadh na rúin seo a leanas ag gnáthchruinniú ginearálta de chuid [ainm na cuideachta], a tionóladh go cuí ar an [dáta]:

(1) "NACH féidir leis an gcuideachta, de bharr na ndliteanas atá uirthi, leanúint lena cuid gnó agus go bhfoirceannfar í trí leachtú toilteanach ag creidiúnaithe.
(2) GO ndéanfaí [ainm] ó [gnólacht agus seoladh] a ainmniú mar leachtaitheoir chun críche an fhoirceanta sin.
(3) GO n-údaraítear Bord na cuideachta leis seo gach beart riachtanach a dhéanamh chun na críche sin."

NÓTA
Ag cruinniú creidiúnaithe ina dhiaidh sin a tionóladh ar an [dáta] ag [am] ag [ionad tionóil], rinneadh [ainm an leachtaitheora] ó [gnólacht agus seoladh] a cheapadh mar leachtaitheoir don chuideachta.
Dátaithe: [dáta]
Sula bhfoilseoidh sí an Fógra, ba cheart don chuideachta téacs an fhógra a sheiceáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí chun a chinntiú go n-úsáidfear an téacs is cothroime le dáta ann.

- ní mór don chuideachta na nithe seo a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ansin: an rún ó na comhaltaí, an fógra faoi cheapadh an leachtaitheora agus an rún ó na creidiúnaithe (nó fógra á rá nár ritheadh aon rún ag cruinniú na gcreidiúnaithe);
- seolfaidh an leachtaitheoir foirceannadh foirmiúil ghnóthaí na cuideachta;
- trí mhí tar éis don leachtaitheoir na doiciméid deiridh a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, measfar an chuideachta a bheith díscaoilte.

Tá liosta iomlán de na foirmeacha atá le comhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí i leith Leachtú Toilteanach ag Creidiúnaithe leagtha amach i mBileog Faisnéise Uimhir 38 ó Chláraitheoir na gCuideachtaí, atá ar fáil ag www.cro.ie/Publications/Publications/Information-Leaflets

3.3.3 Nóta maidir le foirceannadh neamhthoilteanach

Faoi alt 569 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, féadfaidh an Ard-Chúirt cuideachta a fhoirceannadh i roinnt cásanna. Áirítear leo sin cásanna ina ndeimhníonn creidiúnaí nach bhfuil an chuideachta in ann a fiacha a íoc (rud is féidir a dheimhniú faoi seach trína thaispeáint nár glanadh éileamh reachtúil le haghaidh fiach os cionn €10,000 laistigh de 21 lá tar éis an éilimh). I gcás go gceapfaidh an Ard-Chúirt leachtaitheoir, glacfaidh an leachtaitheoir, seachas na stiúrthóirí, rialú ar oibriú laethúil na cuideachta agus ar a cuid sócmhainní. Ní mór d'aon charthanas cláraithe a seirbheáiltear achainí foirceanta air faoi alt 569 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas faoi sin agus cóip de na páipéir a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas lom láithreach. Ba cheart do charthanas den sórt sin comhairle ghairmiúil a fháil go práinneach freisin.

4. Ceanglais bhreise le haghaidh carthanas neamhchorpraithe a fhoirceannadh

Is é is comhlacht nó comhlachas neamhchorpraithe ann ná grúpa nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil atá ar leithligh óna chomhaltaí aige (murab ionann is cuideachta).

Chun go gclárófar leis an Rialálaí Carthanas é, ní mór dó oibriú faoi dhoiciméad rialaithe scríofa, rud a d'fhéadfadh a bheith ina bhunreacht, ina chomhaontú comhaltaí nó ina leabhar rialacha. Cé go bhfuil sé measartha éasca agus neamhchostasach carthanas neamhchorpraithe a chur ar bun, tá sé an-tábhachtach a chinntiú go ndéileálfar go hiomlán le gach ní agus saincheist atá gan réiteach má fhoirceanntar é. Is amhlaidh sin mar go bhféadfadh go gcoinneofaí na comhaltaí nó na hiontaobhaithe faoi dhliteanas pearsanta i leith aon fhiach nó aon cheangaltas atá fós amuigh.

Ba cheart don bhord iontaobhaithe a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais ghinearálta atá leagtha amach thuas, lena n-áirítear fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas sula ndéanfar aon ghníomh (tríd an bhfoirm ar líne dar teideal 'Carthanas Cláraithe a Fhoirceannadh agus a Dhíchlárú' a chur isteach) agus ba cheart dó a chinntiú freisin go gcomhlíonfar ceanglais na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ba cheart dóibh freisin cloí go cúramach le haon nós imeachta atá leagtha amach sa doiciméad rialaithe le haghaidh foirceannadh, toisc go bhfeidhmíonn an doiciméad rialaithe mar chonradh i measc na gcomhaltaí go léir. I gcás go n-áirítear le doiciméad rialaithe an charthanais forálacha sonracha le haghaidh foirceannadh, ba cheart cloí leis na forálacha sin toisc go bhfuil siad ina gceangal dlí ar an mbord iontaobhaithe. Sa chás sin, níor cheart cloí leis na bearta atá tuairiscithe thíos, a moltar go n-úsáidfí iad i gcás nach n-áirítear leis an doiciméad rialaithe aon fhorálacha le haghaidh foirceannadh.

I gcás nach bhfuil aon nós imeachta sonraithe le haghaidh foirceannadh ann i ndoiciméad rialaithe an charthanais, moltar go ndéanfaí na bearta seo a leanas le linn an fhoirceanta (mar sin féin, ba cheart d'aon charthanas atá ag smaoineamh ar ghníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh comhairle atá oiriúnach dá imthosca féin a fháil sula rachaidh sé ar aghaidh):

- ba cheart don charthanas fógra a eisiúint chuig na comhaltaí faoi chruinniú ginearálta urghnách ina molfar an carthanas a fhoirceannadh (de ghnáth, is é fógra 28 lá an fógra caighdeánach);
- leis an rún chun an carthanas a fhoirceannadh, ba cheart údarás a thabhairt don bhord nó do na hiontaobhaithe déileáil le nithe lena n-áirítear aon sócmhainní nó cistí barrachais a bhronnadh ar charthanas cláraithe eile ag a bhfuil cuspóir carthanúil atá cosúil leis an gcuspóir sin atá sonraithe i rialacha rialaithe an charthanais agus ag a bhfuil srian freisin ar dháiltí a dhéanamh chuig a chomhaltaí; gach ceann d'fhiacha neamhíoctha an charthanais a íoc; cuntais bhainc an charthanais a dhúnadh; idirchaidreamh a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Rialálaí Carthanas chun an carthanas a dhíchlárú; agus a chinntiú go ndéanfar gach beart eile atá riachtanach chun oibríochtaí an charthanais a fhoirceannadh go hiomlán agus go críochnaitheach;
- ceanglaíonn an Rialálaí Carthanas ar charthanas neamhchorpraithe a bhfuil sé beartaithe aige foirceannadh cóip den fhógra faoi chruinniú na gcomhaltaí a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas nuair a sheoltar é chuig na comhaltaí;
- ba cheart do na comhaltaí vótáil chun an rún chun an carthanas a dhíscaoileadh a rith trí thromlach speisialta (75%+) nó trí ghnáth-thromlach (50%+).

Ba cheart don bhord nó do na hiontaobhaithe a bheith eolach gurb amhlaidh, tar éis carthanas neamhchorpraithe a dhíscaoileadh, go mbeidh na sócmhainní eile de chuid an charthanais ina sheilbh/seilbh ar iontaobhas ag an mbord/ag na hiontaobhaithe lena n-úsáid le haghaidh cuspóirí carthanúla. Ba cheart dóibh bheith eolach ar an gcontúirt a bhaineann le sárú iontaoibhe a dhéanamh, mar shampla trí shócmhainní an charthanais a bhronnadh ar charthanas a bhfuil cuspóirí carthanúla aige atá ar neamhréir le cuspóirí carthanúla an charthanais atá á dhíscaoileadh. Ba cheart intinní ina leith sin a dheimhniú le linn na teagmhála tosaigh leis an Rialálaí Carthanas (agus ba cheart iad a chur ar áireamh sa phlean). Mar atá luaite thuas, féadfaidh carthanais atá á bhfoirceannadh iarratas a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas, a bhfuil cumhacht aige scéim a bhunú le haghaidh na sócmhainní barrachais a úsáid le haghaidh an chuspóra charthanúil is comhchosúla de chuid an charthanais. Ba cheart iarratas den sórt sin a dhéanamh in aon chás ina bhfuil sé beartaithe sócmhainní barrachais a aistriú chuig carthanas eile (Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas ag www.charitiesregulator.ie/en/ information-for-charities

In imthosca áirithe, tá cumhacht ag an Ard-Chúirt chun comhlachas neamhchorpraithe a fhoirceannadh. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, i gcás nach seolfar foirceannadh carthanais neamhchorpraithe go cuí, go mbeidh baol ann go ndéanfadh duine leasmhar iarratas chuig an gcúirt chun a ordú go gceapfaí leachtaitheoir chun an carthanas a fhoirceannadh. Ós rud é nach bhfuil dliteanas teoranta ag na comhaltaí de chomhlachas neamhchorpraithe, bheadh na comhaltaí i mbaol dliteanas pearsanta i leith aon chostas a d'eascródh as leachtaitheoir a cheapadh. Dá réir sin, is le leas na gcomhaltaí a chinntiú go gcuirfear an foirceannadh i gcrích go hiomlán agus go héifeachtach.

5. Ceanglais bhreise le haghaidh iontaobhas carthanúil a fhoirceannadh

Tríd is tríd, is ionann na prionsabail a bhfuil feidhm acu maidir le comhlachtaí neamhchorpraithe a fhoirceannadh agus iad sin a bhfuil feidhm acu maidir le hiontaobhais a fhoirceannadh.

Ba cheart do na hiontaobhaithe de chuid iontaobhais charthanúil a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais ghinearálta atá leagtha amach thuas, lena n-áirítear fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas sula ndéanfar aon ghníomh (tríd an bhfoirm ar líne dar teideal 'Carthanas Cláraithe a Fhoirceannadh agus a Dhíchlárú' a chur isteach) agus ba cheart dóibh a chinntiú go gcomhlíonfar ceanglais na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní mór do na hiontaobhaithe aird ar leith a thabhairt freisin ar dhoiciméad rialaithe an charthanais, ar gníomhas iontaobhais nó dearbhú iontaobhais é de ghnáth. Ba cheart do na hiontaobhaithe cloí go cúramach le haon nós imeachta atá leagtha amach sa doiciméad rialaithe le haghaidh foirceannadh, toisc gurb é an doiciméad rialaithe foinse na gcumhachtaí dlíthiúla atá ag na hiontaobhaithe agus foinse na ndualgas dlíthiúil atá orthu, ar nithe iad atá ina gceangal dlí ar na hiontaobhaithe. (Moltar go ndéanfaí na bearta atá tuairiscithe thíos i gcás nach n-áirítear leis an doiciméad rialaithe aon fhorálacha le haghaidh foirceannadh).

I gcás nach bhfuil aon nós imeachta sonraithe le haghaidh foirceannadh ann sa doiciméad rialaithe, moltar go ndéanfaí na bearta seo a leanas (mar sin féin, ba cheart d'aon charthanas atá ag smaoineamh ar ghníomhaíocht den sórt sin a dhéanamh comhairle atá oiriúnach dá imthosca féin a fháil sula rachaidh sé ar aghaidh):

- ba cheart don charthanas fógra a eisiúint chuig na hiontaobhaithe faoi chruinniú ginearálta urghnách ina molfar an carthanas a fhoirceannadh (de ghnáth, is é fógra 28 lá an fógra caighdeánach);
- ceanglaíonn an Rialálaí Carthanas go seolfaí cóip den fhógra faoi chruinniú na n-iontaobhaithe chuig an Rialálaí Carthanas nuair a sheoltar é chuig na hiontaobhaithe;
- leis an rún chun an carthanas a fhoirceannadh, ba cheart údarás a thabhairt do na hiontaobhaithe (nó do na hiontaobhaithe sainaitheanta) déileáil le nithe lena n-áirítear aon sócmhainní nó cistí barrachais a bhronnadh ar charthanas ag a bhfuil cuspóir carthanúil atá cosúil leis an gcuspóir sin atá sonraithe i rialacha rialaithe an charthanais; gach ceann d'fhiacha neamhíoctha an charthanais a íoc; cuntais bhainc an charthanais a dhúnadh; idirchaidreamh a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Rialálaí Carthanas chun an carthanas a dhíchlárú; agus a chinntiú go ndéanfar gach beart eile atá riachtanach chun oibríochtaí an charthanais a fhoirceannadh go hiomlán agus go críochnaitheach;
- ba cheart do na hiontaobhaithe vótáil chun an rún chun an carthanas a dhíscaoileadh a rith trí thromlach speisialta (75%+) nó trí ghnáth-thromlach (50%+).

Ba cheart do na hiontaobhaithe carthanais a bheith eolach gurb amhlaidh, tar éis iontaobhas carthanúil a dhíscaoileadh, go mbeidh na sócmhainní eile de chuid an charthanais ina sheilbh/seilbh ar iontaobhas ag an mbord/ag na hiontaobhaithe lena n-úsáid le haghaidh cuspóirí carthanúla. Ba cheart dóibh bheith eolach ar an gcontúirt a bhaineann le sárú iontaoibhe a dhéanamh, mar shampla trí shócmhainní an charthanais a bhronnadh ar charthanas a bhfuil cuspóir carthanúil aige atá ar neamhréir le cuspóir carthanúil an charthanais atá á dhíscaoileadh. Ba cheart intinní ina leith sin a dheimhniú le linn na teagmhála tosaigh leis an Rialálaí Carthanas (agus ba cheart iad a chur ar áireamh sa phlean). Mar atá luaite thuas, féadfaidh carthanais atá á bhfoirceannadh iarratas a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas, a bhfuil cumhacht aige scéim a bhunú le haghaidh na sócmhainní barrachais a úsáid in aon charthanas a bhfuil cuspóir carthanúil comhchosúil aige. Ba cheart iarratas den sórt sin a dhéanamh in aon chás ina bhfuil sé beartaithe sócmhainní barrachais a aistriú chuig carthanas eile. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas ag www.charitiesregulator.ie/en/information-for-charities

6. Corprú: tiontú ina chuideachta

Comhlacht neamhchorpraithe nó iontaobhas carthanúil >>> Cuideachta neamhchorpraithe (e.g. cuideachta faoi theorainn ráthaíochta)

Féadfaidh na hiontaobhaithe de chuid iontaobhais charthanúil nó an bord nó na comhaltaí de chuid carthanais neamhchorpraithe a roghnú an t-iontaobhas nó an carthanas a chorprú ionas gur féidir leo leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le dliteanas teoranta. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, áfach, ná an baol go n-aistreofaí leasanna i sócmhainní carthanúla ar bhealach nach gceadaítear leis an dlí nó an baol go dtiocfadh dliteanas cánach chun cinn. Sna cásanna is casta, ba cheart do charthanas comhairle ghairmiúil a fháil agus fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas sula rachaidh sé ar aghaidh le haon phlean a chur chun feidhme.

Ní mór d'iontaobhas carthanúil nó do charthanas neamhchorpraithe a bhfuil fonn air tiontú ina chuideachta a chinntiú go bhfuil cumhacht chun déanamh amhlaidh ar áireamh ina dhoiciméad rialaithe (lena n-áirítear trí leasú a dhéantar chun na críche sin) agus go bhfuil cuspóirí carthanúla na cuideachta nuabhunaithe ag teacht le cuspóirí an iontaobhais nó an chomhlachta neamhchorpraithe. Má theipeann air déanamh amhlaidh, is féidir go mbeidh sé ciontach i sárú iontaoibhe, a fhágann gur féidir go mbeidh na hiontaobhaithe faoi dhliteanas pearsanta i leith luach na sócmhainní arna n-aistriú.

I gcás go dtiontóidh iontaobhas carthanúil nó comhlacht carthanúil neamhchorpraithe ina chuideachta, beidh an carthanas nuachorpraithe ina eintiteas dlíthiúil ar leith. Sula n-aistreofar sócmhainní, ní mór don chuideachta nua bheith cláraithe leis an Rialálaí Carthanas agus a huimhir charthanais chláraithe féin a bheith aici.

Mar atá leagtha amach thuas, ní mór sócmhainní an iontaobhais nó an chomhlachta charthanúil neamhchorpraithe a aistriú chuig an gcuideachta nua sula ndíscaoilfear an t-iontaobhas nó an comhlacht carthanúil neamhchorpraithe. Ba cheart don iontaobhas nó don chomhlacht carthanúil neamhchorpraithe fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas tamall maith sula gcuirfear aon phleananna chun feidhme maidir leis an rún atá aige tiontú ina chuideachta. Cabhróidh sé sin lena chinntiú go bhféadfar an t-iontaobhas nó an comhlacht carthanúil neamhchorpraithe a bhaint den Chlár ag an am cuí sa phróiseas. Ina theannta sin agus ó thaobh na cánach de, is féidir go mbeidh iarmhairtí cánach ag an aistriú sócmhainní chuig an gcuideachta nua do na carthanais i gceist más rud é nach bhfuil uimhir charthanais chláraithe tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim don chuideachta nua agus, dá bhrí sin, ba cheart comhairle ghairmiúil chuí a lorg sula gcuirfear tús le haon sócmhainní a aistriú.

6.1 Foirm cuideachta a athrú

I gcás go ndéanfaidh carthanas cláraithe ar cuideachta é a athstruchtúrú ina chineál difriúil cuideachta (e.g. ó chuideachta neamhtheoranta nó ó chuideachta gníomhaíochta ainmnithe ina cuideachta faoi theorainn ráthaíochta), coinneoidh an chuideachta an phearsantacht dhlítheanach chéanna. Dá bhrí sin, coinneoidh an chuideachta an uimhir chéanna charthanais chláraithe freisin. Ba cheart don chuideachta fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas sula gcuirfear aon phleananna chun feidhme maidir lena foirm cuideachta a athrú. Ba cheart comhairle ghairmiúil chuí a lorg sula n-aistreofar aon sócmhainní.

6.2 Iontaobhas a athrú ina scéim reachtúil corpraithe

I gcás go ndéanfaidh an Rialálaí Carthanas scéim corpraithe a cheapadh le haghaidh iontaobhais de bhun alt 2 den Acht Carthanas, 1973, coinneoidh an scéim corpraithe an uimhir chéanna charthanais chláraithe.

7. Cumasc idir carthanais

Is féidir go mbeidh fonn ar charthanas cumasc le carthanas eile a bhfuil cuspóir carthanúil comhchosúil aige.

Is féidir go mbeidh a lán buntáistí ag baint le déanamh amhlaidh, lena n-áirítear éifeachtúlachtaí méadaithe, barainneacht scála agus an tionchar níos mó a ghabhann le cuspóir coiteann a shaothrú ar bhealach aontaithe. Ba cheart do charthanais dul i gcomhairle leis an Rialálaí Carthanas agus comhairle ghairmiúil chuí a fháil i ngach cás sula ndéanfaidh siad cinneadh chun cumasc chun a chinntiú go dtuigfidh siad na hiarmhairtí uile a bheidh ag an gcinneadh sin, toisc go bhfágfaidh an cumasc go scoirfidh ceann amháin de na carthanais de bheith ann.

De bhreis air sin, is féidir go mbeidh iarmhairtí suntasacha cánach agus/nó cuntasaíochta ag an gcumasc do na carthanais (ar iarmhairtí iad atá lasmuigh de raon feidhme na treorach seo) agus ba cheart d'aon charthanas atá ag smaoineamh ar chumasc a chur i gcrích comhairle ghairmiúil chuí a fháil sula rachaidh sé ar aghaidh. Tá an nós imeachta a leanfar le haghaidh dhá charthanas nó níos mó a chumasc ag brath ar fhoirm dhlíthiúil gach carthanais.

7.1 Cumasc dhá chuideachta

I gcás gur cuideachtaí iad an dá charthanas atá ag iarraidh cumasc (agus is é is dóichí gur cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta iad), beidh an creat dlíthiúil ag brath ar conas a chuirfear an cumasc in éifeacht.

Is féidir go mbeidh sé níos simplí agus níos cost-éifeachtúla don dá chuideachta na sócmhainní ar fad de chuid ceann amháin de na carthanais a aistriú chuig an gcarthanas eile (ar choinníoll go bhfuil cuspóirí carthanúla an dá charthanas ag teacht go dóthanach lena chéile) agus an carthanas a bhfuil a chuid sócmhainní á n-aistriú a fhoirceannadh. Níor cheart aon sócmhainní de chuid na cuideachta a aistriú gan comhairle ghairmiúil chuí a fháil ar dtús. Sa chás sin, ba cheart don charthanas atá á fhoirceannadh a chinntiú gur ar áireamh ina bhunreacht atá na cumhachtaí chun foirceannadh agus chun sócmhainní barrachais a bhronnadh ar an gcuspóir carthanúil atá á shaothrú ag an gcuideachta atá ar marthain (lena n-áirítear trí leasuithe a dhéantar chun na gcríoch sin).

Chomh maith leis sin, féadfaidh an dá chuideachta cumasc go foirmiúil faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Mar sin féin, is féidir go mbeidh iarratas chun na cúirte ag baint leis an gcumasc. Ba cheart do na carthanais atá ag iarraidh cumasc comhairle dlí a lorg maidir leis an bpróiseas a leanfar i gcásanna den sórt sin. Ba cheart don dá charthanas a chinntiú go bhfuil an chumhacht chun cumasc ar áireamh i mbunreacht an dá chuideachta agus go bhfuil cuspóirí carthanúla na gcarthanas ag teacht go dóthanach lena chéile (lena n-áirítear trí leasuithe a dhéantar chun na gcríoch sin).

I gceachtar cás, ba cheart do na carthanais lena mbaineann a chinntiú go gcoinneofar an Rialálaí Carthanas ar an eolas faoina bpleananna agus faoin dul chun cinn ar na pleananna sin a chur chun feidhme.

7.2 Cumasc ag comhlacht neamhchorpraithe

I gcás go bhfuil comhlacht neamhchorpraithe ag smaoineamh ar chumasc le carthanas eile, ba cheart do na hiontaobhaithe a chinntiú ar dtús go bhfuil cumhacht chun cumasc ar áireamh i rialacha rialaithe an charthanais (lena n-áirítear trí leasú a dhéantar chun na críche sin).

Is féidir an cumasc comhlachas neamhchorpraithe a chur in éifeacht trí na sócmhainní de chuid ceann amháin de na carthanais a aistriú chuig an gcarthanas eile agus an chéad charthanas a dhíscaoileadh de réir a rialacha. Ba cheart don charthanas a bhfuil a shócmhainní á n-aistriú aige a chinntiú go bhfuil cuspóirí an charthanais a bhfuil sé ag cumasc leis ag teacht go leordhóthanach lena chuspóirí féin (lena n-áirítear trí leasú a dhéantar chun na críche sin). Níor cheart aon sócmhainní a aistriú gan comhairle ghairmiúil a fháil ar dtús. Ba cheart do na carthanais lena mbaineann a chinntiú go gcoinneofar an Rialálaí Carthanas ar an eolas faoina bpleananna agus faoin dul chun cinn ar na pleananna sin a chur chun feidhme.

Gluais

Is féidir go gcabhróidh na sainmhínithe seo a leanas leat tuiscint a ghnóthú ar a bhfuil sa treoir seo, i gcás go n-úsáidtear téarmaí a bhfuil brí shonrach leo nó a bhfuil impleachtaí dlí acu.

Comhlacht corpraithe: is é is comhlacht corpraithe ann ná eintiteas dlíthiúil nach ionann céannacht dhlíthiúil dó agus dá chomhaltaí agus, dá bhrí sin, atá neamhspleách ar a chomhaltaí. Is comhlachtaí corpraithe iad na cuideachtaí uile arna mbunú faoi Achtanna na gCuideachtaí, is cuma cé acu is cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, cuideachtaí nach bhfuil faoi dhliteanas teoranta, cuideachtaí faoi theorainn scaireanna nó cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta iad. Féach "Cuideachta" thíos freisin.

Iontaobhas carthanúil: is é is iontaobhas carthanúil ann ná iontaobhas do-chúlghairthe arna bhunú le haghaidh cuspóirí carthanúla agus lena n-aghaidh sin amháin. Tá sé faoi bhainistiú ag iontaobhaithe, a bhfuil dualgais dhlíthiúla orthu i leith an iontaobhais. Nuair atá iontaobhas carthanúil á fhoirceannadh, ní mór do na hiontaobhaithe a chinntiú go ndéantar é sin i gcomhréir le ceanglais an ghníomhais iontaobhais agus le dlí na n-iontaobhas.

Iontaobhaí carthanais: Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas ar deireadh thiar agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as carthanas. Más cuideachta é an carthanas, is féidir go dtabharfar stiúrthóirí nó comhaltaí boird ar a iontaobhaithe carthanais. Más comhlachas neamhchorpraithe é an carthanas, is féidir go dtabharfar comhaltaí coiste ar a iontaobhaithe carthanais. Más iontaobhas carthanúil é an carthanas, is iontaobhaithe carthanais iad iontaobhaithe an iontaobhais nó daoine eile a chinneann an beartas agus a rialaíonn na sócmhainní.

Cuideachta: is é is cuideachta ann ná comhlacht dlíthiúil atá ann go neamhspleách ar a scairshealbhóirí nó ar a chomhaltaí, agus atá bunaithe nó "corpraithe" faoi Achtanna na gCuideachtaí. Tá oibleagáidí ar chuideachta nithe agus eachtraí áirithe a thuairisciú tríd an bhfógra cuí a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Tá cuideachta faoi bhainistiú ag a bord stiúrthóirí, a bhfuil dualgais dhlíthiúla air i leith na cuideachta. Nuair atá cuideachta á foirceannadh, ní mór do na stiúrthóirí a chinntiú go ndéantar é sin i gcomhréir le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí.

Leachtú Toilteanach ag Creidiúnaithe: Is é is Leachtú Toilteanach ag Creidiúnaithe ann ná próiseas reachtúil foirmiúil trína roghnaíonn na stiúrthóirí ar chuideachta dhócmhainneach go toilteanach oibríochtaí na cuideachta a dhúnadh agus an chuideachta a fhoirceannadh.

Cy-près: Is é is cy-près ann ná teagasc dlíthiúil trína bhféadfar maoin carthanais a úsáid le haghaidh cuspóir carthanúil atá "chomh cosúil agus is féidir" leis an gcuspóir ar lena aghaidh a tugadh an mhaoin ar dtús, in imthosca nach féidir maoin an charthanais a úsáid a thuilleadh le haghaidh a chuspóra bhunaidh iontu, mar shampla i gcás gur comhlíonadh an cuspóir bunaidh nó nach féidir an cuspóir bunaidh a chomhlíonadh a thuilleadh. I gcás go bhfuil sócmhainní barrachais ag carthanas atá á fhoirceannadh, ba cheart dó iarratas a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas ar scéim cy-près a cheadú le haghaidh na sócmhainní barrachais, toisc nach mbeifear in ann na sócmhainní sin a úsáid a thuilleadh le haghaidh an chuspóra ar lena aghaidh a tugadh iad ar dtús.

Stiúrthóir: Is é is stiúrthóir ann ná duine a cheaptar chuig bord cuideachta agus ar a bhfuil dualgais dhlíthiúla shonracha agus freagrachtaí dlíthiúla sonracha i leith an chuideachta a bhainistiú. Tá ar stiúrthóirí dualgais dhlíthiúla shonracha a bhfuil mar aidhm leo creidiúnaithe a chosaint i gcás go bhfuil cuideachta dócmhainneach nó go bhfuil sí á foirceannadh.

Dócmhainneach: Tarlaíonn dócmhainneacht i gcás nach bhfuil duine nó comhlacht corpraithe in ann fiacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. I gcás go n-éiríonn carthanas dócmhainneach, ba cheart dá iontaobhaithe comhairle ghairmiúil a fháil agus cinneadh an-chúramach a dhéanamh maidir le leanúint le hoibríochtaí nó maidir le billí a íoc ón am sin ar aghaidh. Is féidir go mbeidh stiúrthóirí nó iontaobhaithe faoi dhliteanas pearsanta i leith fiach arna dtabhú nó idirbheart arna ndéanamh tar éis do charthanas éirí dócmhainneach.

Baint neamhthoilteanach den chlár: Is é is baint neamhthoilteanach den chlár ann ná próiseas trína ndéanann an Oifig um Chlárú Cuideachtaí cuideachta ar theip uirthi oibleagáidí reachtúla áirithe a chomhlíonadh (e.g. tuairisceáin bhliantúla a chomhdú) a bhaint de chlár na gcuideachtaí, agus an chuideachta á díscaoileadh dá bharr sin. Féadfar baint neamhthoilteanach den chlár a aisiompú i gcás go bhfuil sé beartaithe ag an gcuideachta leanúint de bheith ag oibriú. Ós rud é nach gcuirtear deireadh ordúil le hoibríochtaí carthanais nuair a bhaintear go neamhthoilteanach den chlár é, níor cheart, in aon chás, baint neamhthoilteanach den chlár a bhreithniú mar rogha eile ar fhoirceannadh ordúil.

Leachtú: Is é is leachtú ann ná próiseas trína mbailítear sócmhainní agus trína glantar creidiúnaithe agus dliteanais eile le linn foirceanta. Féach freisin "Leachtú Toilteanach ag
Creidiúnaithe" agus "Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí".

Leachtaitheoir: Is é is leachtaitheoir ann ná duine cáilithe a cheaptar chun rialú a ghlacadh ar mhaoin agus bainistiú comhlachta atá á fhoirceannadh agus chun a chinntiú go n-úsáidfear na sócmhainní atá ar fáil chun dliteanais a íoc le creidiúnaithe de réir foirmle reachtúil.

Comhalta: Tugtar comhalta de ghnáth ar scairshealbhóir

i gcuideachta nó ar rannpháirtí i gcomhlachas neamhchorpraithe. Tá comhaltaí i dteideal freastal ar chruinnithe ginearálta bliantúla agus ar chruinnithe ginearálta urghnácha agus vóta a chaitheamh acu. Is in éineacht leis na comhaltaí nach mór don bhord stiúrthóirí nó do na hiontaobhaithe aon chinneadh chun carthanas a fhoirceannadh a dhéanamh.

Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí: Is é is Leachtú Toilteanach ag Comhaltaí ann ná próiseas reachtúil foirmiúil le haghaidh cuideachta shócmhainneach a dhúnadh.

Cumasc: Is é is cumasc ann ná comhaontú dlíthiúil chun dhá chomhlacht dhlíthiúla atá ann cheana a aontú ina gcomhlacht dlíthiúil nua amháin.

Na Coimisinéirí Ioncaim: is iad na Coimisinéirí Ioncaim an ghníomhaireacht atá freagrach as cánachas agus as nithe gaolmhara agus as stádas díolmhaithe ó cháin a thabhairt do charthanais. I gcomhthéacs foirceanta, is gá gur deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil gnóthaí cánach an charthanais in ord.

Iontaobhaí: is é is iontaobhaí ann ná duine a shealbhaíonn maoin iontaobhais charthanúil agus ar a bhfuil freagracht dhlíthiúil as an iontaobhas a riar agus a bhainistiú. Tá ar iontaobhaithe dualgais dhlíthiúla shonracha a bhfuil mar aidhm leo creidiúnaithe a chosaint i gcás go bhfuil iontaobhas dócmhainneach nó go bhfuil sé á fhoirceannadh.

Comhlachas neamhchorpraithe: is é is comhlachas neamhchorpraithe ann ná grúpa daoine a thagann le chéile le haghaidh cuspóir ar leith (e.g. cuspóir carthanúil), ach nach bhfuil eintiteas dlíthiúil ar leith, amhail cuideachta, corpraithe acu. I bhformhór na gcásanna, tá bunreacht nó leabhar rialacha ag comhlachas neamhchorpraithe agus tá coiste bainistíochta aige. Mar sin féin, tá freagracht phearsanta ar chomhaltaí an chomhlachais neamhchorpraithe as a dhliteanais go fóill. Nuair atá comhlachas neamhchorpraithe á fhoirceannadh, ní mór do na comhaltaí a chinntiú go ndéantar é sin i gcomhréir le ceanglais an bhunreachta nó an leabhair rialacha.

Baint thoilteanach den chlár: Is é is baint thoilteanach den chlár ann ná próiseas atá ar fáil do charthanas ar cuideachta é, áit a bhféadfaidh sé an chuideachta a dhíscaoileadh gan dul i mbun próiseas foirmiúil foirceanta agus gan leachtaitheoir a cheapadh, ar choinníoll gur shocraigh sé go foirmiúil oibríochtaí an charthanais a dhúnadh agus gur chinntigh sé gur comhlíonadh na hoibleagáidí dlíthiúla agus tuairiscithe uile atá air.

Foirceannadh: Is é is foirceannadh ann ná próiseas le haghaidh deireadh ordúil a chur le hoibríochtaí cuideachta nó comhlachais neamhchorpraithe. Nuair atá carthanas á fhoirceannadh, scoireann sé dá ghnáthoibríochtaí a sheoladh. Ina ionad sin, is iad na cuspóirí atá aige ansin ná na sócmhainní atá fágtha aige a bhailiú; a chreidiúnaithe agus a dhliteanais eile a ghlanadh; a chinntiú gur comhlíonadh na hoibleagáidí dlíthiúla agus tuairiscithe uile atá air; agus, i gcás go bhfuil an carthanas sócmhainneach, déileáil le haon sócmhainní barrachais, nach mór iad a úsáid le haghaidh cuspóir carthanúil (trí scéim cy-près de ghnáth). Nuair atá carthanas dócmhainneach á fhoirceannadh, ceapfar leachtaitheoir, a ghlacfaidh rialú ar mhaoin agus bainistiú an charthanais agus a chinnteoidh go n-úsáidfear na sócmhainní atá ar fáil chun dliteanais a íoc le creidiúnaithe de réir foirmle reachtúil.

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Uimhir Thagartha an Doiciméid RR GLS 8.2.1 003
An Rialálaí Carthanas 3 Duga Sheoirse LSAI
Baile Átha Cliath 1 D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500
www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas Arna hAthbhreithniú i mí Feabhra 2021